Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14663/25**

**RECH 476**
**COAFR 288**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire le haghaidh comhaontú maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire le haghaidh comhaontú maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht ('an comhaontú') a thabhairt i gcrích le Poblacht Chónaidhme na Nigéire.

(2) Leis an malartú litreacha idir ionadaithe an Aontais agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire, an 6 Meitheamh 2024 agus an 26 Meitheamh 2024, deimhníodh gur mhian leis an dá pháirtí tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú den sórt sin.

(3) Leis an gcomhaontú atá beartaithe, chuirfí creat tábhachtach ar fáil chun comhar a éascú idir an tAontas agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire i réimsí tosaíochta comhpháirteacha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, rud a d'fhágfadh go mbeadh tairbhí frithpháirteacha ann. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Thaighde agus i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún Eorpach.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*